

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T37
Ainm an Agallaí	Seosamh (Joe Johnny Nddy) Mac Suibhne
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	13/3/2004
Suíomh an Agallaimh	Bun na Leaca
Ainm an Tras-scríbhneora	Máire Ní Rabhartaigh
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)**(sos)****(--) , Tosach lochtach****'_____ , Focal dothuigthe****'_____ +' Níos mó ná focal amháin dothuigthe****.... Beirt ag caint ag an am amháin****[] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Anois a Joe fada lá a rinne mé téip leat ach nach cuma dhéanfaidh muid ceann eile anois agus tine bhrefá thíos agat fá nár gcoinne, choinne ar feadh uair eile (gáire). Nó bhí muid, bhí muid ag caint an lá deireanach Joe fá chuimhne atá agat a gasúr óg thíos fán chladach agus nuair a thiocfadh an tEarrach achan nduine ag bordáil aníos leathaigh agus leas talamh agus achan rud mar sin. Ar mhaith leat tú a chuir mar sin a Joe an seanachas sin a thabhairt domh a chara.

JOE: Bhuel nuair a bhí mise i mo ghasúr óg cosúil le achan ghasúr óg chaithfeá dhul na, bhí tú, páirt don chladach a bhí ionat go speisialta nuair a d'fhágfá scoil agus cuid mhór don am nuair a thiocfadh leathach isteach bheadh lúcháir ort choinneofaí sa bhaile ón scoil thú fá choinne ag obair le asal na rud ar bith mar sin agus bheadh lúcháir an tsaoil órainn. '_____ ' go raibh obair chrua ag gabháil de leathach bhí rud inteacht saothúil fá dubh de a mbeadh dúil mhór agat ann bhí trean spórt ann sa, ann sa rud. Bhí an cladach lán daoine achan nduine faoi a ndíchill, asalacha aníos 's síos agus aníos 's síos Binn '_____ ' faoin, thíos ansin go díreach, a tá a fhios agat tá sé thíos domhain agus b'fhéidir go bhfuil trí scór troithe dá, ná níos mó na sin dá bhinn ann le theacht aníos bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bhí sé maslach go leor a Joe.

JOE: Bhí sé maslach agus nuair a, nuair a sheasadh, nuair a sheasadh i mbarr na mbanna ag amharc síos chuirfidh sé ann do cheann an áit a dtiontaíteá cloch agus bheadh léir seangáin ann sin an dóigh a raibh na daoine uilig ag bogadaigh thíos gabháil de leathach duine ag teacht aníos le lód agus duine ag dul síos le lód agus bhí na daoine uilig ag brath ar nuair a thiocfadh an Bhealtaine. Bhuel in san am sin ní raibh móran eallaigh ag a nduine b'fhéidir bó 's gamhain is ar réir sin agus bhí an leas de dhíobhaill fá choinne na prataí agus sin an dóigh. Bheadh corr uair nach mbeadh oiread leathach ann is a dhéanadh na daoine, sin anois an rud a dtabhrfadh muidinne an scath bhuí ar agus thart fán, i ndiaidh an dóú lá de Bhealtaine, dalta ar a fómhar ar thiteadh an scath bhuí í féin leis, gan stoirm, gan a dhath, thiteadh sí agus chuirfidh an fharraige isteach ar na cladaigh í. Bhuel muna mbeadh go leor ann ansin bhainfeadh na daoine leathach dubh. Chaithfeá a dhul síos le corrán ansin agus, agus a leathach sin a bhaint striplinní móra fada agus bhí cuid mhór masla le leathach dubh, bhí sé le baint agat agus le iompar níos faide na an scath bhuí ach arais ag dul go dtí an scath bhuí, chaithfidh an scath bhuí bhordáil, mar a dhéarfadh muid le bhordáil aníos, bhordáilaigh aníos le cliabh é, trasna an chlochar go dtí bun na mbeann an áit a raibh bealach agus ansin, sin an áit a lódáilaigh í má bhí beithíoch agat ná má bhí asal agat, an rud is mó a bhí ag gabháil an t-am sin asalacha uilig agus sin an áit a lódailaigh é ar na h-asalacha agus a, bheadh muidinne i nár ngasúirí iontach sásta fá choinne cur aníos na malaigh. B'fhéidir go líonadh d'athair nó cibé cé a bhí agat, líonadh sé an malach duit agus d'imeofá suas an bhinn leis an mhalach agus ansin bhí, bhí rud ann chaithfeá do thaobh féin don bhealach a choinneáil bhí sé mar bheadh, mar a dúirt an Béarla le *motorway* ann (gáire). Chaithfeá tusa a bheith ag teacht aníos agus malach leat, cha mbeadh fia ort amharc siar cén bealach a raibh an asal ag dul, sé an té a bhí ag dul síos chaithfidh seisean greim srian bħreá a bheith aige ar an asal sa dóigh 's nach mbuailfidh na famhnóga in éadan a chéile, aníos 's síos.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JOE: Agus a, 's iomaí rud, am greanmhar a bheadh ann ar a dóigh sin. Bheadh gasúirí ann macasamhail mo aos féin agus bheadh siad crista agus tá a fhios agam gasúr amháin bheadh sé iontach crista agus (gaire) bheadh, bheadh seanduine ag teacht aníos agus, agus um malach leathaigh leis ar an asal agus nuair a bheadh seisean ag *passáil* síos tá a fhios agat, tá a fhios agat caidé rud fuamhnóig a bhfuil a fhios.

DÓNALL: Ó tá a fhios. Tá a fhios agam.

JOE: Bhall nuair a bheadh seisean teacht, ag *passáil* aníos an fear a raibh an lód leis, chuirfeadh sé anonn lámh agus tharraingeodh sé an ropa 's thitfeadh (gáire).

DÓNALL: (gáire) thitfeadh an ciabhadh.

JOE: (gáire) thitfeadh an lethach uilig amach (gáire) agus bhí achan nduine ag tabhairt amach do a bhfuil a fhios agat agus char mhaith le nduine éirigh do ach ansin, cha mbeadh corraigh mhillteanach ar na seandaoine le rudaí mar sin, dhéanfaidh gáire faoi an oíche sin bhfuil a fhios agat, bheadh corraigh ort san am atá i láthair leis, ach.

DÓNALL: Gheobhadh sibh ar shiúil leis a Joe.

JOE: Gheobhadh siad ar shiúil leis (gáire) agus bheadh achan nduine a achait fá choinne nuair a bheadh an duine seo ag teach le coimhéad nach rachadh sé chóir a, sin an rud a dtabharfadh siad an sothán air, sothán a bhí ar an chlár sin a bhí faoin fhuamhnóig.

DÓNALL: A níor chuala mé ar riagh é a Joe.

JOE: Nár chuala.

DÓNALL: *No.*

JOE: Bhuel ag bun na fuamhnóige bhí, bhí rud ann a dtabharfadh siad miasóg ar, sin an rud a dhruideadh an tóin na fuamhnóige. Bhuel ansin bhí, bhí píosa adhmaid ag teacht anall agus tharraingeodh tusa an t-adhmad sin nuair a bheifeá ag dul a leagaint an lód, sin an rud a dtabharfaidh sothán ar.

DÓNALL: 'S thiteadh an lód amach agus.

JOE: Thiteadh an dá, amach as a dá fuamhnóg ní bheadh fiach ort iad a thógáil leath na hama. Ach cibé ní a *crime* mór a bheadh déanta ann, bheadh duine inteacht eile ag teacht aníos b'fhéidir a chuideodh leat, leis an duine sin líonadh ar tarraingeodh an miasán, ná an sothán ar (gáire). Bheadh corraigh cinnte ann ach dhéanfaidh gáire faoi ansin nuair a rachadh sé uilig thart bhfuil a fhios agat cuid de na *lads* sin a tá siad curtha anois bhfuil a fhios agat agus mothóidh tú daoine go fóill ag caint orthu agus sin mar a bhí saol an leathaigh.

DÓNALL: Spréigh sibh ansin é a Joe amach ar an talamh.

JOE: Spréigh siad é.

DÓNALL: Sé.

JOE: Bhuel ba ghnách leo an chéad uair, bheadh daoine ag déanamh *kelp* anseo.

DÓNALL: Sé, inis domh fán *khelp* a Joe.

JOE: Bhuel anseo *kelp* a bheireadh ar agus áiteach eile *you see kelp* a bheireann siad ar an leathach nach bhfuil sin greannmhar. Tá a fhios agam stócach ansin aníos as *Cranford* agus deireann seisean gur *kelp* a bheireann siadsan ar an leathach, ní raibh a fhios aige caidé'n rud ag déanamh *kelp* a fá choinne an *khelp* anois, cruinníodh na seandaoine ná cibé an té a bhí ag déanamh an *khelp* cruinníodh siad

slata mara, sé an slata mara a raibh an rud uilig ann bhfuil a fhios agat. Choinníodh siad na slata mar agus bheadh boithacha móra slata móra ann.

DÓNALL: Bhí siad le triomú amach a Joe ansin.

JOE: Chaitheadh siad iad a thriomú agus dhéanfaidh ‘_____’ mhóra daofa agus shábhálfaidh leathach ansin agus dhéanfaidh, dhéanfaidh cruacha beaga den leathach agus nuair a thiocfadh an t-earrach agus rachaidh a dhó na *ke/pa*. Sé an tigh a rabhthar don leathach, dhéanfaidh dhá ‘_____+’ go díreach cosúil le choir a bheith troch fá choinne *dipáil* caoraigh na mar sin sa dóigh is nach mbeadh sé go domhain agus sin an dóigh, chuirfidh tine sa, sa bhonn ansin agus a rachaidh chaitheadh isteach na slata mara ar sin go dtí go tuisíodh an tine. Bhuel sé an tigh a rabhthar don leathach dá mbrisfeadh bladhaire an tine amach ar choirneál ar bith chuirfeá scap leathaigh ar.

DÓNALL: Agus cheapadh sin é.

JOE: Fá choinne an bladhaire a choinneáil istigh.

DÓNALL: Sé choinneáil síos.

JOE: Agus sin a, sin an rud is mó a bhí. Bhuel nuair a bheadh an 7.50

DÓNALL: Ach a Joe bhí mé ag gabháil a chuir ceist ins an am sin chaitheadh achan rud a bheith déanta taobh istigh de am, chaitheadh na prataí a bheith curtha.

JOE: Chaitheadh.

DÓNALL: Agus chaitheadh, sula mbainfeá an mhóin agus inis domh na prataí a Joe. Chaitheadh sibh a bheith ag obair.

JOE: Nuair a chuirfidh na prataí.

DÓNALL: Sé.

JOE: Bhall thuisíodh thart fá tús an Mhárta ag rómhar an talamh choinne na prataí agus a, rómharfaidh suas sin agus dhéanfaidh *drills* do bhfuil a fhios agat ansin chuirfidh na prataí agus má bhí leas agat féin ansin na bheadh na prataí sin, b'fhéidir mí ná trí seachtainí curtha leasacha iad agus thiontaíodh an *drill* orthu. Bhuel ansin chuirfidh an coirce agus nuair a bheadh sin uilig déanta agus bhainfidh an mhóin. B'fhéidir go n'imeofaí fear an tigh go hAlbain agus d'fhágfadh sé sin le déanamh ag an bhean agus ag an chlann, mhóin a thógáil agus cnapanna a dhéanadh di. Bhí achan nduine gnóthach.

DÓNALL: Bhí léir oibre fágtha ag na mná iad féin.

JOE: Ó bhí léir oibre ann, bhí, ach bhí, bhí na portaigh níos deise duit an t-am.

DÓNALL: Bhí sin fíor, sé.

JOE: Bhuel siúd, nuair a tháinig a lucht baint na móndadh ansin, bhain siad amach an portach. Tá cuimhne liomsa nuair a bhí mé féin i mo ghasúr, cha raibh, thairbhe ba chuma duit móin a bheith istigh san oíche agat thiocfadh leat a dhul amach go dtí an barta, bhí sé go deas sin duit 's do chuid móndadh a thabhairt isteach.

DÓNALL: Tá sin fíor, tá, bhí an caorán ag do thaobh.

JOE: Tá an caorán ag ár dtaobh ach anois chaithfidh tú a ghabháil leath mhíle fá na choinne.

DÓNALL: Caithfidh.

JOE: Caithfidh.

DÓNALL: Inis domh nuair a thosaigh baint na móndadh a Joe, bhí sin ar obair sula deachaigh tú go hAlbain nach, nach an beith ina dhiaidh sin a Joe, d'imigh tusa go hAlbain ag sé bliana déag.

JOE: Bhuel bhí a, bhí muidinne ag díol móndadh sular imigh mise go hAlbain. Thosaigh daoine a cheannacht móndadh, mbeadh leoraí acu 's a thabhairt amach na Lagain, but cha mbeadh *crates* ar bith ar an leoraí ní bheadh inti ach na taobhanna go díreach. Cha raibh ciall ar bith do chrate's an t-am sin ar chóir ar bith agus a, b'fhéidir gur punta ná rud inteacht a bheadh an lód sin agus bhéarfaidh amach an Lagain é, bhuel ansin, thosaigh muidinne ansin, bhí muid ag baint móndadh do Charlie Kelly as Leitir Ceanainn agus thomhaiseadh, bhéarfaidh seisean leis amach í agus thomhaiseadh sé é ar an *weighbridge* amuigh ag an *mental hospital* i Leitir Ceanainn é agus gheofá díolta de réir an chloch é. Bhí sin ag gabháil againne sula thosaigh *station* na móndadh ar riamh. Bhí muid thairbhe baint an mhóin chéanna a bhí muid ag baint nuair a bhí an station ag dul. Ach ní raibh, ní raibh móran, bhí cuid mhór an am dhíolfadh daoine lódaí móndadh fá choinne an bia a thabhairt isteach fá choinne eallach agus ar réir sin go háirid, sin an dóigh a bhí acu, cothán agus turnips isteach ón Lagan in áit lód na móndadh.

DÓNALL: A tuigim an dóigh a bhfuil tú ag rá, so bhí cineál de chontract agaibh.

JOE: Sé, sin an dóigh a raibh sé.

DÓNALL: Agus muid ag caint ar am leas a Joe, labhair tú go minic liom faoi fhear a bheadh, bheadh barr deas préataí luath aige agus tháinig an sagart lá amháin, inis an scéal sin domh.

JOE: (Gáire) Sin, sin fear, bhí sé ina chónaí thoir in Mín an Loch, níl a fhios agamsa cárbh as ar dtáinig sé, níl mé ag meas go bhfuil a fhios ag aon duine dá bhfuil fágtha ar an bhaileanois c'áit ar dtáinig sé ach bhí sé féin agus a dheirfiúr ina gcónaí i Mín an Loch agus Hudaí Thoraí a bheirtí air, cé acu amach as Toraigh a tháinig sé nó nach bé, níl a fhios agamsa, b'fhéidir gur leasainm a bhí air *but* sin an t-ainm a bheirtí air agus sin, bhí bothóg bheag aige thoir i Mín an Loch ansin agus sé an tuighe a raibh sé ina chónaí ansin i Mín an Loch, cha raibh sconsaí ar bith ar an talamh an t-am sin agus thiocfadh na caoraigh aníos leis, ón chladach, luath agus d'itheadh siad an barr agus sin an jab a bhí ag Hudaí, d'éireodh sé ar maidin agus choinneodh se thíos na caoraigh agus bhí píosa beag talaimh aige ansin fá choinne sin. D'fhágfadh duine inteacht píosa talaimh aige le oibriú ar shon a bheith ag déanamh sin agus bhí giota deas préataí aige féin. Seo nuair a tháinig an sagart anoir. Tháinig an sagart anoir agus *bicycle* leis agus sheasaigh sé a chomhrá le Hudaí agus mholl sé, mholl sé na préataí do agus dúirt sé "leis nach bé Dia a chur agat iad". Dúirt seisean leis ag tabhairt freagra ar an tsagart "Chan Dia", a dúirt sé, "a d'iompar cac na gcaorach aníos as na Feanna Gorma". (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Bhí teanga ghéar go leor aige.

JOE: Bhí, bhí. Cha raibh eagla ar bith roimh an tsagart an t-am sin. Cha raibh sé ag gabháil a thabhairt air.

DÓNALL: Ní raibh.

DÓNALL: Joe, bhí tú ag caint fá a chéad fhear go raibh cúpla '_____’ asti, an chéad, níl a fhios agam an beith Eoghan Cruaidh a bhí ar na.

JOE: Go raibh caidé aige, cúpla.

DÓNALL: Tháinig sé anoir as Mín Doire dúirt tú agus bhí cúpla '_____’.

JOE: Ó sé, a bhall a.

DÓNALL: Sin níos moille.

JOE: Sin i bhfad, i bhfad, bhfad roimh sin anuas an Mín Doire.

DÓNALL: Sé

JOE: Anuas as Mín Doire a tháinig sé.

DÓNALL: Sé.

JOE: Bhí daoine muintearach aige i Faoi Chnoc agus thiocfadh, thiocfadh muintir Mín Doire anuas go, anuas go Faoi Chnoc lena gcuid eallaigh bhí sin ina leas ag crupán aigid a bheadh ar an eallach.

DÓNALL: Sé.

JOE: Agus ina n-áit sin rachadh fear Faoi Chnoc suas go Mín Doire lena chuid féin in sa tsamhradh. Ach an fear seo, tháinig sé anuas as Mín Doire agus bhí deich mbearra leis agus chuaigh sé amach síos na beanna móra agus thóg sé bothóg ann agus bhí ceithre clocha míne buí leis nuair a tháinig sé agus rinne sé an bhothóg thíos ansin agus bhí pota mór leis agus rachadh sé síos chun trú agus bhainfidh sé

dúilisc, sloic, báirní, futhógaí ná cibé a bhí ann agus beardaí agus chuirfidh sé síos pota mór de sin agus chuirfidh sé crag den mhín bhuí aagus mheascadh sé suas é agus dhéanfadh sé pota mór bia do sin, agus sin an rud a thóghadh é i rith an lae. Bhuel ag an Nollaig, ag Lá Fheil Padraig i dtráth an am seo a bhliain, d'imir sé féin agus an t-eallach na bhaile agus char chaill sé aon cheann acu, i ndiaidh nach bhfuair siad ach *shiftadh* s'acu féin agus bhí dhá chloch don mhín bhuí leis arais, siar na bhaile.

DÓNALL: (gáire) fear críonna a bhí ann (gáire).

JOE: (gáire) fear críonna a bhí ann, mhothaíodh na seandaoine ag caint ar sin fadó shin.

DÓNALL: Bhí nósanna iontach fost a Joe ag faireacha agus rud, tá cuimhne agam tú ag caint ar seo go minic liom. B'fhéidir go ndéanfá traidhfil eile comhrá faoi sin anocht a Joe.

JOE: *Aye.*

DÓNALL: Tithe faire agus an dóigh, agus an dóigh a bhí ag na daoine, bhí siad cineál de, chorr a bheith pisreogach in amanna.

JOE: Ó, *aye*, cinnte.

DÓNALL: Ar mhaith leat cuid de sin a inse domh a Joe?

JOE: Bhuel, an chéad chás do nuair a gheobhadh duine inteacht bás fán teach, chomh luath géar agus a gheobhadh an duine bás, stoptaí an chlog, cha dtiocfadh leis an chlog a bheith ag gabháil. Trup an chlog. Bhí sé ag cur isteach ar an mharbhánach agus stoptaí an chlog nuair a gheobhadh an duine bás agus bheití ansin go dtí go gcuirtí é. Sin ceann amháin de na rudaí pisreogach a bhí ann.

DÓNALL: Sea.

JOE: Bhuel, ansin, cha, cha raibh sin ina ghnás thart anseo *but* bhí se ina gh.., ina rial a bheith ag caoineadh. Chruinneodh na seanmhna uilig thart ar an leaba agus scanródh siad tú ag caoineadh agus ag caoineadh agus, gan iad ag caoineadh ar chorr ar bith, *you know*, sin páirt den rud a bhí ann, ag caoineadh an mharbhánach.

DÓNALL: Mná caointe a bhí ann go díreach.

JOE: Sea. Caoineadh an mharbhánach a deirtí. Agus *eh*. Ní raibh, ní raibh an cás sin ariamh, bhí bailte eile ann *you see* a raibh duine speisialta ann an dóigh chéanna

a mbeadh *vet* nó rud inteacht fá choinne an eallaigh, bhí sí seo déanta speisialta fá choinne caoineadh an mharbhánach agus chaití cur fá na coinne. Cha dtiocfadh le aon duine an marbhánach a chaoineadh ach í sin.

DÓNALL: Rud iontach scáfar a bhí ann a Joe, leithéidí sin.

JOE: Bhuel, scanródh, tá cuimhne agamsa nuair a bhí mé i mo tharchán bheag agus bheinn le mo mháthair b'fhéidir go teach na faire, scanródh na mná sin tú ag caoineadh. Agus gan iad ag caoineadh ar chorr ar bith, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bhí sé mar a cineál d'amhrán beag, an dram beag.

JOE: Dram beag, dántan beag ceoil a bhí ann.

DÓNALL: Sea.

JOE: Bhuel bhí daoine eile, bhí seanduine ar an bhaile seo, bhí sé thall ansin ar an chnoc agus nuair a fuair a bhean bás, cha raibh caoineadh ar bith ann an t-am sin *but* nuair a fuair a bhean bás, dúirt sé *rhyme* de, amhrán beag deas fá dtaobh de féin agus díthe. Bhí sé galánta. *Whereas* a bheith ag screadaigh agus ag caoineadh mar sin.

DÓNALL: Rinne sé féin suas go díreach é, chum se féin amhrán.

JOE: Rinne sé féin suas rud a ba mhaith leis a ráit agus cheol sé é. Bhí ceol deas aige, cheol sé an rud a ba mhaith leis a ráit.

DÓNALL: Ach ansin ag tithe faire a Joe, d'imeodh daoine agus thiocfadh daoine as píosa fada ar shiúl agus bhí cineál de, bhí sé mar, mar a deireadh siad i mBéarla, *social*/beag go díreach acu.

JOE: Ó, bhí cinnte, bhí.

DÓNALL: Bheadh oíche...

JOE: Dá mbeití ag fanacht le duine inteacht bás a fháil

DÓNALL:(Gáire)

JOE: Go speisialta seandaoine, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Sea.

JOE: Bheadh, chruinneodh, órú, thiocfadh daoine aniar as an áit s'agaibhse go faireacha, daoine anoir as Gort an Choirce go faireacha san oíche, an t-aos óg. Agus ansin dhéantaí tae agus níl a fhios caidé an t-arán le, a bhí úsáid do, dhéantaí tae de achan uile dhuine agus bhí sin ina ghnás.

DÓNALL: Agus thosódh na cleasanna, cleasanna?

JOE: Ó, sea, na cleasanna, sin.

DÓNALL: I ndiaidh an phaidrín, creidim.

JOE: I ndiaidh an phaidrín, an mhuintir a d'fhanadh ina shuí go maidin, bhí sin *supposailte* a bheith a gcoinneáil múscailte. Agus *eh*. Sin réasún mór a gcruiinníodh an daoine ann . Bheadh, bheadh, bhí rud amháin ann a dtabharfadhbh siad nuair a bheadh siad ag déanamh an *phoster*

DÓNALL: Sea.

JOE: (gáire).

DÓNALL: Inis domh é.

JOE: Sin, rud a dtabharfaí an *post* air, *em*, thiocfadh *knock* ar an doras agus chuirtí ceist air cé a raibh an litir fá na choinne agus déarfadh sé a leithid seo de bhean agus chuireadh sí sin *match*, *match* ina béal agus chaithfeadh, chaithfeadh an, cibé cé ?????? sé í, an *match* sin a bhaint amach as a béal. Istigh i dteach na faire agus ní raibh sin, bhfurast sin a dhéanamh inniu *but* cha raibh se chomh furast a dhéanamh an t-am sin. (Gáire) Bhuel bhí rudaí eile ann fosta agus chuirtí amach fear agus bean. B'fhéidir go bé an pionós a chuirtí orthu, níl cuimhne agam c'ainm seo a bhí ar sin. Tá mé ag déanamh gur *gooley* a bheirtí ar sin. Chuir sí amach fear agus bean agus b'fhéidir nach bhfilleadh siad sin níos mó. ?????? an oíche sin. Bhí cuid mhór de sin ag gabháil. Bhí daoine ag fáil bean amach as.

DÓNALL: Creidim go raibh. Sea.

JOE: Bhí, bhí. Go leor de sin ag gabháil. Bhí. (Gáire) *Gooley* atá mise ag déanamh a bhí ar sin.

DÓNALL: *Jeez*, bhí dóigh iontach ag na daoine, nach raibh?

JOE: *Eh?*

DÓNALL: Bhí dóigh iontach acu.

JOE: Ó, bhí. Stad sinanois agus na sean rudaí greannmhar sin a bhí ag gabháil, níl a dhath do níos mó. Bhí rud eile ag gabháil anseo, nuair a thiocfadh tú an Chorgais, cha dtiocfadh le aon duine pósadh sa Chorgas an t-am sin agus nuair a thiocfadh Oíche Inide, duine ar bith nach raibh pósta roimh sin, na baitsiléirí, rachadh cuid den t-aos óg thart agus bheadh léir *tins* leofa agus thiocfadh siad go dtí an teach ag *rattla!* na *tins* agus théad a chaoineadh "Tá do cheann sa phota anocht", cibé caidé rud a bhí ann a bheith sa phota. Cha dtiocfadh leat pósadh *at least* go dtí go rachadh an Cargas thart nach b'fhéidir nach bpósfá an séasúr sin. Agus d'imeodh an mhuintir a bhí sa teach i ndiaidh na ngasúirí agus bheadh *tear* ar

dóigh ann. Mhothófá na gasúirí uair amháin a thiocfadh siad den scoil ag déanamh réidh, déanamh cuid buicéidí le chéile agus ag cur rópa orthu. Nuair a rachfá amach an bealach mór an lá arna mhárrach, cha bheadh a dhath ann ach sean bhuicéidí agus.

DÓNALL: Oiread trup leo.

JOE: Trup a dhéanamh. Bhuel, cha, níl a dhath de sin ag gabháilanois. Tá na gasúirí ró sheanaimseartha anois fá choinne déanamh rudaí mar sin. Cha bheadh siad ag gabháil un tosaigh fá choinne ???? mar sin.

DÓNALL: Bhí na daoine níos soin.., níos soineanta a Joe.

JOE: Órú, bhí cinnte.

DÓNALL: Bhí saol níos fearr ann in sa dóigh sin, nach raibh?

JOE: Bhí na daoine soineanta san am sin, tá mé féin ag déanamh go raibh cuid mhór den soineantacht a bhí ag na daoine an t-am sin, bhí léir mór de na seandaoine an t-am sin nach raibh léann ar bith acu agus bhí siad cliste go leor dá mbeadh léann acu ná dá bhfaigheadh siad scoil.

DÓNALL: Bhí siad cliste cinnte, ní bhfuair siad an seans.

JOE: Bhí. Agus, *em*, sé an tuighe, sé an tuighe a mbeadh rudaí greannmhar ag gabháil an t-am sin, déarfadh na daoine sin nach raibh léann acu rudaí an dóigh chontrálte agus bheití ag magadh orthu. Sin siocair nach raibh léann acu, an bhfuil a fhios agat. Cha thugas, chan fhaca siad an focal scríofa ariamh.

DÓNALL: *No.*

JOE: Agus bheití ag magadh ar na daoine sin ansin. Tá cuimh, tá cuimhne agamsa seanduine a bheith ina chónaí síos ag bun an bhaile anseo agus bheití a maíodh bhfuil a fhios agat go raibh, nach raibh a fhios aige móran agus tá cuimhne agamsa fear, bhí sé i ndiaidh cuibhreann mór talamh a rómhair agus bheadh seisean ag áirneáin agus thiocfadh sé fríd na cuibhrinn san oíche nuair a bheadh sé ag teacht na bhaile agus bhí mise istigh ag áirneáin ann, mé féin agus gasúr eile agus nuair a tháinig sé anall, d'inis se cé mhéid druil a bheadh in sa chuibhreann sin nuair a bheadh sé, nuair a bheadh *drills* déanta de. Agus bhí muid, nuair a bhí muidinne ag teacht den scoil lá arna mhárach, tháinig muid anuas fríd na cuibhrinn agus sin an méid *drills* a bhí ann, an méid a dúirt seisean.

DÓNALL: Bhí sin tomhaiste aige go díreach mar sin.

JOE: Bhí *brain* maith aige, *you see....*

DÓNALL:Ach, nach raibh.....

JOE: dá bhfaigheadh sé, dá bhfaigheadh se scoil.

DÓNALL: Ach ní bhfuair daoine a seans, a Joe.

JOE: Chan fhuair, bhuel go speisialta abhus anseo, cha raibh scoil ar bith ann, an bhfuil a fhios agat. Cha raibh scoil ar bith a dhath níos deise de bhaile ná scoil Bhun an Inbhire an t-am sin anseo. Agus ansin, cha raibh suim ag na daoine in scoil, bhí na daoine, páistí dhíobháil orthu fá choinne rudaí eile agus ní raibh siad ag smaoineamh gur cheart dóibh léann a bheith acu. Agus dá mbeadh léann féin agat, chaithfeá a ghabháil ar fostáioch séasúr den bliaín agus cha raibh an, cha raibh an léann ceart agat, cha, *but* san am chéanna, tá a fhios agamsa daoine a chuaigh na scoile liom féin agus d'imeodh siad ar fostáioch nuair a thiocfadh Lá 'le Pádraig agus cha rachadh siad na scoile go dtí go mbeadh Nollaig ann. Nuair a thiocfadh siad den fostáioch ar ais. Agus bhí siad iontach cliste leis an méid a d'fhoghlaim siad ar an scoil.

DÓNALL: Déarfainn sin fostá.

JOE: Ó, bhí, iontach cliste.

JOE: Bhí seanbhean thíos anseo ar thóin an bhaile (gáire), is minic a mhotaigh mise í ag caint ar an, bheití ag caint air nuair a rachfá an Lagáin, go raibh droch am fá do choinne, agus an ghirseach bheag seo a dúirt, Nuala Mhór a bhí uirthi, dúirt Nuala leis an ghirseach bheag seo a chuaigh an Lagáin, cha raibh sí móran le deich mbliana, agus rinne a hathair í a fhostaíoch le, mar a dúirt Nuala í féin, an dóigh a ndéarfadh sí, bean mhór gharbh a bhí inti, "rinne a athair í a fhostaíoch", a dúirt sí "le rópach de sheanduine as Contae Thír Eoghain" (gáire). Agus bhí droch am ag an chréatúr agus sa deireadh d'fhág sí agus cha raibh a fhios aici cén bhaile le, cén baile a rachadh sí le ghabháil na bhaile agus an dóigh a raibh Nuala ag caint dúirt sí gur as Gleann Domhain í, agus *em*. D'imigh sí léithe agus cha raibh a fhios aici cá raibh sí ag gabháil agus bhí sí ag caoineadh agus shuigh sí ar thaobh an bhealaigh mhóir agus thit sí ina codladh. Seo scéal Nuala. Agus cé a dúirt sí a tháinig trasna ach an diabhall. Agus sé an taistéal a bhí ag an diabhall, bhí sé ag gabháil isteach go hArainn Mór an áit a raibh lánúin ag troid agus bhí se ag gabháil a chuidí leo troid leo sa dóigh go mbeadh siad aigesan. Sin an brí a bhí ag Nuala, bhfuil a fhios agat. Agus iad ag troid leo. Agus chuir se an tarthán ar an bhoinn, mar a dúirt Nuala, lena bhoinn agus cha bhain sé anuas dena bhonn í gur fhág se istigh i nGleann Domhain í. Agus dúirt sí liomsa, "Joe, a thaisce", a dúirt sí, "bhí an t-olc agus an maith sa diabhall". Agus cha dtugadh Nuala isteach go dtí an lá a fuair sí bás ó thairbhe sin, nach raibh *turneanna* maithe san diabhall nuair a thug se an ghirseach bheag isteach go Gleann Domhain. (Gaire)

DÓNALL: (Gáire) Sin scéal iontach.

JOE: Bhí. (Gáire) Agus chreid Nuala sin.

DÓNALL: Ó, chreid.

DÓNALL: Bhuel a Joe, bhí daoine go millteanach fostá fá choinne áirneáin agus rud mar sin. Chaithfeá an t-am a chur thart, sin an caitheamh aimsire a bhíodh ann.

JOE: Sea.

DÓNALL: Bhí léir scéalta a chluinstin agat fá taibhsí, bhi taibhse ar achan choirnéal creidim.

JOE: Ó, bhí cinnte. Agus bheadh tithe ann, cha n-iarradh siad an phléisiúr ach ag inse sin. Bhuel bheadh siad sin ceart go leor, *do you see*. Ba ghnách liomsa agus deirfiúr domh, *eh*. Tá sí pósta thoir i *gCurransport* agus bhí seambhean thíos anseo, '_____'. Chit thíos anseo agus bheadh lúcháir bhocht orainn ag éisteacht léi ag caint ar thaibhsí agus bhí sin *alright* go dtí go mbeifeá ag gabháil na bhaile, agus ansin bheadh eagla ort a ghabháil na bhaile (*gáire*) agus bheadh eagla ar achan duine amháin againn roimhe an duine eile ná dá ndéanfadh duine eile trup, bhí muid ag déanamh gur duine inteacht a bhí ag teacht inár ndiaidh. Ach cha n-iarrfadh sí an phléisiúr ach ag inse fá dtaobh do. Daoine a tháinig ar ais, chan taibhsí, chan síoga a mbeadh sí ag caint air anois....

DÓNALL:*No, no....*

JOE: Ní hé, daoine a tháinig ar ais i ndiaidh bás a fháil.

DÓNALL: Sea, sea.

JOE: *But* scanródh sin tú *you see* nuair a bhí tú beag.

DÓNALL: Scanródh.

JOE: Agus go speisialta, b’fhéidir stócach agus girseach a bhí mór le chéile agus fuair duine acu bás, bheadh léir de sin aici. Agus thiocfadh an stócach ná cibé cé acu a fuair bás, thiocfadh sé ar ais.

JOE: Bhuel bhí dóigh, d'inseodh sí dóigh forsta a dtiocfadh leat labhairt leo. Cur i gcás go raibh taibhse fán áit.

DÓNALL: Sea.

JOE: Agus bheadh sé, bheadh daoine a fheiceáil. Agus cha raibh a fhios caide an trioblóid a bhí aige agus déarfadh sise go raibh dóigh le labhairt leis an taibhse seo. Le fáil amach caidé a bhí ag cur bhuirimh air. Agus déarfadh sí gur an dóigh a ndéanfá sin, dhéanfá, dhéanfá *circle* mór cruinn.

DÓNALL: Sea.

JOE: Agus rachfá féin isteach ansin in sa, ansin agus déarfá leis an, bhí dóigh le labhairt leis an mharbhánach agus déarfá "cuirim ceist ort in ainm Íosa an bé duine saolta tú ná *gil*"? Sin an t-ainm a bhéarfadh siad ar, ar duine a thiocfadh ón tsaol eile. Gil.

DÓNALL: Gil.

JOE: Sea. "Cuirim ceist ort in ainm Íosa" a déarfadh sí, "an bé duine saolta tú ná *gil*? Nó cá fhad ó d'fhág tú an saol seo"? Bhuel nuair a mhottaigh, nuair a chluinfeadh an, cibé cé a bhí ina thaibhse a rá sin, thiocfadh sé a chomhrá leat agus d'inseodh sé duit caide a bhí de dhíobháil air. Agus ansin chuirí dódh ar sin agus ní thiocfadh sé níos mó agus déarfadh sí an rud céanna fá dtaobh de, cur i gcás, b'fhéidir go raibh fear, go raibh sé ag gabháil a phósadh girseach agus thug sé fáinne díthe agus ansin fuair sé bás agus a mbeadh sé ag teacht ar ais agus sé an tuighe a mbeadh sé ag teacht ar ais, fá choinne an fháinne a fháil agus sé an dóigh a ndeirtí sise de, dá dtabharfá an fáinne dó, gheofá slat shileoige agus bhainfeá an craiceann uilig de shlat na sileoige agus chuirfeá an fáinne isteach ar shlat na

sileoige agus shínfeá dó é. Sin an dóigh a n-inseodh sise caidé an dóigh a bhfaighfeá réitigh don, don t-é a bhí ag déanamh an taibhseoiracht.

DÓNALL: Agus ar chreid sí sin Joe? Caithfidh sé gur chreid.

JOE: Bhí sin go creidte aici, bhí sin go creidte ag an bhean sin.

DÓNALL: *But b'fhéidir go raibh sí ceart.*

JOE: Bhuel, b'fhéidir go raibh sí ceart, níl a fhios againne, b'fhéidir go raibh sí ceart. Agus mairim gur bé an dóigh a raibh sé aicise, *you see*, fuair sí óna gaolta a chuaigh roimpi é.

DÓNALL: Sin an dóigh.

JOE: Níl a fhios cá fhad in gcúil a bhí sin ag gabháil. Ach bhí daoine ann cibé a raibh nóisean acu go raibh taibhse in achan chuile choirnéal, dálta na síoga.

DÓNALL: Inis seo domh a Joe, caidé cineál páighe a fuair tú an chéad uair anois a chuaigh tú anonn ansin?

JOE: Bhuel, an chéad uair a chuaigh mise anonn, bhí, bhí mé fén agus mo dheartháir ag obair ag *farmer* ann agus bhí muid ag fáil ár gcuid, bhí muid ag fáil ár gcuid ag an *farmer* agus punt agus cúig scilling déag (15) a bhí ann sa tseachtain. Bhuel ansin an darna bliain a chuaigh mise anonn, dhá phunt agus dhá scilling, sin an rud a bhí sa tseachtain, an darna bliain a chuaigh mé anonn. Bhuel bhí sin ag gabháil, mar a dúirt mé leat, bhí sin ag gabháil go dtí gur fhaca Sasain nach raibh an cogadh ag gabháil a imeacht chomh gasta. Bhuel chuaigh an pháighe suas ansin go dtí go mbeadh sé cúig phunt sa tseachtain. Chuaigh sé suas go gasta mar sin.

DÓNALL: Bhí. Bhí sé go breá creidim san am.

JOE: Bhí na, bhí na. Mar a dúirt an fear eile, bhí an obair fairsing agus an meitheal gann, cha raibh na fir ann an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Sea, sea.

JOE: Chaithfeadh siad iad a dhíol go maith, le iad a fháil.

DÓNALL: Raibh, raibh eagla ar bith ort a Joeanois, bhí tú thall in am an chogaidh, raibh eagla ar bith go bpiocfaí suas tú agus go gcuirfí isteach san aimhín tú?

JOE: Cha raibh ná bhfuil a fhios agat tuighe? Is cuimhne liomsa muid a bheith ag obair, san Fhómhair a bhí ann, bhí na traidhfil as an áit seo ann agus tháinig an sagart mór rua seo isteach sa chuibreann againn agus Gaeilge mhaith aige agus is minic a smaoinigh mé ina dhiadh sin air, bhí fear ag teacht, bhí fear de na stócaigh a bhí ag obair i mo chuideachtasa, bhí sé isteach agus lód mór fodair leis ar charr san Fhómhair agus dúirt sé linne nuair a bhí muid ina sheasamh aige, dúirt sé "tá malach millteanach leis an fhear sin". Fear de chuid na Dúnaibh a bhí ann agus bhfuil a fhios agat cé é? *Father Mc Gettigan.*

DÓNALL: A bhí ina chónaí anseo uair amháin?

JOE: Bhí sé istigh i dToraí an t-am údaí.

DÓNALL: Ó, sea.

JOE: Agus is é a bhí ina shagart paróiste anseo i nGaoth Dobhair.

DÓNALL: Tá cuimhne agam air.

JOE: Bhuel, chuir an tEaspag anonn eisean le hinse do na daoine uilig a bhí thall, bhí thall ansin gan iad a bheith ag teitheadh, nach raibh rialtas na Sasana ábalta baint daofa.

DÓNALL: Cionnas go raibh muid neodrach creidim.

JOE: Sea.

DÓNALL: Sea.

JOE: Sin an dóigh a raibh sé.

DÓNALL: Sea. Ach bhí daoine ag teitheadh a Joe, raibh?

JOE: Bhuel duine ar bith a bhí thar dhá bhliain thall, bhí siad ag teitheadh agus ábhar acu.

DÓNALL: Ó, bhí.

JOE: Bhí ábhar acu. Thógtaí iad sin.

DÓNALL: Sea.

JOE: Tá cuimhne agamsa mé féin, fear thusas ansin, fear, fear a bhí ag inse go raibh an feirm an *ghranite* ag a mháthair, bhí mise, bhí mé ina chuideachta oíche Shatharn, an duine bocht agus bhí sé tóghtha roimhe sin. Agus mar a dúirt an béalra, *desertal* sé an t-army agus d'fhág mise é ag Teach an Ghleanna an lá seo agus d'imigh seisean an bealach eile agus tógadh é agus cuireadh amach díreach é. Maraíodh amuigh i *mBelgium* é. *So* duine ar bith a bhí thall dhá bhliain.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JOE: Theitheadh sé, theitheadh sé. *But* cé nach raibh thall ach, anonn agus anall i gcionn achan sé mhí, bhí seisean sábhailte.

DÓNALL: Sea.

DÓNALL: Ach bhí, bhí uaireanta, bhí sé crua a Joe, an bhfuil a fhios agat, ní raibh...

JOE: Bhuel, na chéad blianta a chuaigh mise anonn, rachfá amach ar maidin ar a sé a chlog agus bheifeá amuigh go dtí an sé tráthnóna, san oíche. Sa tSamhradh agus *even* sa Gheimhreadh bheifeá muigh agus é dorcha. Bhí na uaireanna ansin agus chaithfeá fanacht leis na uaireanna. Bhuel cha raibh, cha raibh *union* ar bith ag na, ag na, ag an mhuintir a bhí ag obair ag na feirmeacha thall an t-am sin. Bhuel ansin fuair siad an *union* agus fuair siad am maith. Cha bheadh fiach ort a ghabháil amach go dtí an hocht a chlog ar maidin agus bheifeá réidh ansin ar a cúig a chlog tráthnóna. Agus d'fhág sin....

DÓNALL: Sea. D'fhág sin am níos fíorr.

JOE: D'fhag sin, d'fhág sin difir mór in sa rud.

DÓNALL: An bhfeiceann tusaanois, dúirt tú go rachfá amach ar a sé a chlog ar maidin a Joe, bhuel, an mbeadh greim le ithe agat, an mbeadh bricfeasta ite agat féin.

JOE: Cha cha raibh muidinne mar aghaidh ann, cha raibh muidinne, dhéanadh muidinne ár mbricfeasta nuair a rachasaid muid amach. Bhéarfadh an '_____ ' leis amach bia agus d'íosfad sé ar a naoi a chlog nó ar a deich a chlog b'fhéidir, bhuel ní íosaimis inne a dhath go dtí go dtiocfá isteach in am dinnéara ar ais. Bheadh siad an dóigh chéanna, bheadh bia leo amach fá choinne an trí a chlog, ní bh, bh, *bhóthar límis* inne ár gceann le rud mar sin agus ní raibh tú ag ithe amuigh. Bhí an t-am agat fá choinne suigh síos ach ní raibh tú '_____ ' bia ar bith.

DÓNALL: *Jeez* Joe, bheifeá ocrach go leor déarfainn.

JOE: Bheadh nuair a bhí tú óg.

DÓNALL: Sea.

JOE: Bheadh cinnte leoga, bheifeá ocrach ach bhí sé cosúil le achan rud, thiocfá isteach ar an rud

DÓNALL:Sea, cleachtadh.

JOE:agus bhí a fhios agat nach raibh sé fá do choinne agus dhéanfá cúis gan é.

DÓNALL: Agus caidé fá ansin a Joe, an mbeadh sibh ag fanacht, caidé cineál áit a bheadh ar na *farms*, an mbeadh cineál dá...?

JOE: An áit a mbeifeá ag stopadh?

DÓNALL: Sea.

JOE: Bhuel bhí cuid acu a raibh áiteacha maithe ann agus cuid eile nach raibh. Ní raibh muidinne muid féin iontach, mar a dúirt an béalra, *particularailte* caidé....

DÓNALL:Cha raibh

JOE:cineál áit a bhí agat fhad agus go raibh obair agat. Agus go speisialta nuair a bheifeá ar shiúl ó áit go háit, tanadh *turnips*, níor mhiste leat c'ait a gcuirfeá do cheann síos, cha raibh tú ag gabháil a bheith ann ach coicís cibé agus bhí tú ar *piecework*, ba chuma leat ach gráin airgid a thógáil go gasta. Tá cuimhne agam (gáire) fear ag inse domsa, chuaigh seisean go dtí *farmer* agus *um, eh*, ag cuartú tanadh na *dturnips* forsta agus dúirt an *farmer* leis go raibh fear eile ag obair aige agus dá ligfeadh seisean isteach sa bhotáí é, an áit a raibh sé, go dtabharfadhbh an *farmer* an '_____ ' do. Ach d'iarr sé air a ghabháil agus ceist a chur ar an fhear go raibh sé ag tanadh sa chuibreann ar leis tanadh na *dturnips* agus má théann tú

amach a dúirt sé agus é cead a thabhairt duit, thig leat a ghabháil isteach ann. *So* chuaigh an stócach seo amach agus chuir sé ceist ar an fhear agus fear greannmhar a bhí ann, ba as an Luinnigh thiar ansin é agus d'inis fear Faoi Chnoc an scéal do agus dúirt sé leis "cinnte, thig leat agus stopadh i mo chuideachtasa *but* tá beirt eile inár gcuideachta festa". (Gáire) Bhí iontas bocht ar fhear Faoi Chnoc, dúirt sé, nár inis an máistir do go raibh triúr ag obair ann (gáire). Dúirt fear na Luinnigh leis, a dúirt sé, ná na Carraige leis, dúirt sé, "beidh mise isteach ar an dó dhéag a chlog agus má bhíonn tú fan áit an t-am sin", dúirt sé, "*passlóidh* mise an teach agus thig leat a ghabháil isteach ann". Dúirt sé, "*righ*". Chuaigh John isteach (gáire), bhfuil a fhios agat caidé cineál áit a bhí ann? Áit a raibh muca istigh ann, bhuel dá *shiftaladh* na muca ar gcúl, *you see....*

DÓNALL:Tá a fhios agam.

JOE: Bhí railín ann....

DÓNALL:Sea.

JOE: Agus bhí dhá mhuc istigh ann agus sin an rud a bhí an fear an Luinnigh ag inse dósan....

DÓNALL:Seo an bheirt eile. (Gáire)

JOE: Sin an péire eile a bhí ann (gáire). Chuirfeadh daoine suas le rud ar bith.

DÓNALL: ó, chuirfeadh.

JOE: Ba chuma leat ach.

DÓNALL: Sea.

JOE: Ach ansin nuair a, cuir i gcás nuair a rachfá ag obair in áit agus tú ag gabháil a bheith ann am fada, bhuel dhéanfá *surailte* go mbeadh áit maith agat.

DÓNALL: Ba mhaith leat áit níos fearr ansin. Sin botaí a Joe a mbeifeá ag caint air?

JOE: Sea, sea cinnte. Bhuel go deireadh ansin bhfuil a fhios agat, b'fhurast tithe maithe a fháil. Na feirmeacha an t-am sin b'fhéidir go raibh, b'fhéidir go raibh duisín thithe ag achan, achan feirm.

DÓNALL: Sea.

JOE: Fá choinne na '_____ ' a bheith iontu.

DÓNALL: Sea.

JOE: Bhuel ansin rinne siad cúis nuair a tháinig *tractors* agus rudaí mar sin, rinne siad cúis le níos lú, bhuel, bhí ró mó ró de thithe folamh ann ar achan uile fheirm *so* cha raibh a mhaith teach maith a fháil.

DÓNALL: *No, no.*

JOE: Cha raibh sé an dóigh a raibh sé an chéad uair. Ní raibh.

DÓNALL: *So, d'oibreofá crua i rith na seachtaine agus rachfá amach oíche Shatharn, bé sin an dóigh a raibh sé a Joe?*

JOE: D'oibreofá caidé?

DÓNALL: Crua agus rachfá amach oíche Shatharn ansin?

JOE: Ó, d'oibreodh. Bhuel, ar dhóigh inteacht, cha smaoineofá i choíche go raibh tú ag obair go crua.

DÓNALL: Ó bhuel bhí an cleachtadh sin agat air.

JOE: Cha smaointigh mé ariamh go raibh mé ag obair go crua. Bhfuil a fhios agat an rud amháin a bheadh ag cur isteach orm nuair a chuaigh mé anonn an chéad uair? Bhuití an coirce uilig le, cochán uilig le muileann agus bheadh máláí móra coirce ann agus líontaí na máláí uilig, sé clocha déag in sa mhála, bhuel, mar a deir siad ansin le *grainery*, bheadh an *grainery* thusa, an dóigh a mbeadh sé thusa ar seifil.

DÓNALL: Sea.

JOE: Agus bhí staighre ag gabháil suas fhad leis.

DÓNALL: Agus bhí agat le....

JOE: Bhuel bhí agatsa le, na máláí na sé gclocha déag sin a iompar suas an staighre, sin an rud a....

DÓNALL:*Jeez* bhí sin trom.

JOE: Chonacthas domsa rud a ba chruaighe bhí orm

DÓNALL: BHí sin crua.

JOE: Agus ní raibh aon duine ag gabháil a dhéanamh domh é, *either* déan é nó go síos an bealach.

DÓNALL: Sea.

JOE: Agus, bhfuil a fhios agat caidé an eagla is mó a bheadh ormsa fá dtaobh de iompar na málaí? Bhí níos mó eagla orm go mbrisfeadh an staighre fúd ná bhí....

DÓNALL:Leis an méachan....

JOE:Sea, leis an mhéachan. Agus tá cuimhne agam *farmer* ag rá liom, "b'fhéidir", a dúirt sé, "gur dtug, do ghar-athair mór suas málaí an staighre céanna". "Bhuel, sé", a dúirt mise, "sin an dóigh is gaiste a n-imeoidh an staighreanois". (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Agus creidim go raibh an fhírinne agat.

JOE: Ó, bheadh cinnte.

DÓNALL: Bhí sin aosta.

JOE: Tharraingeoidh sé, tá sin ann go fóill agus.

DÓNALL: Tá.

JOE: Níor dheachaigh athrach ar bith orthu.

DÓNALL: *No.*

JOE: Agus na tithe feirmeora do, cha dearnadh cóiriú ar bith ariamh orthu. Dhath ar bith.

DÓNALL: Ní amharcadh, ní amharcóidh siar ar sin.

JOE: Ní amharcóidh siar, níl áit, tithe, áiteacha maithe istigh iontu *but* taobh amuigh ann.

DÓNALL: Garbh go leor.

JOE: Bheadh sé leagtha anseo dá mbeadh sé ag na daoine anseo agus gan a dhath acu. Ó bheadh leoga. Tá cuimhne agamsa (gáire), bhí, bhí, bhí an *farmer* seo, deartháir den fhear a bhí ann, cha raibh aigesan le déanamh leis an fheirm *but* bhí trí *stories* ar an teach agus sean teach a bhí ann, déarfainn go raibh sé réidh le titim agus bhí teach eile ag an *farmer*, cha raibh a dhath istigh anseo ach an deartháir s'aige, baitsiléir a bhí ann, bhí sé chomh bodhar le bata, agus nuair a thiocfadh an oíche ansin, *you see*, rachadh sé suas an staighre agus *heater* beag leis agus shuífeadh sé ag taobh an *heater* thusas ar an tríú stór suas. Ach bhí an fear seo, bhí sé ag gabháil a fónal agus nuair a chuaigh sé go dtí an tábla, d'fhág sé an fón *number* a bhí de dhíobháil air ina dhiaidh. Cha raibh, cha raibh sé ábalta fáil fríd, sin an dóigh a raibh sé. Agus d'fhág sé an fón *number* ar an tábla ag an tseanduine. Bhuel ansin nuair a chuaigh sé go dtí áit eile, ag gabháil, a fónal, cha raibh a fhios aige an fón *number* agus chuaigh sé go dtí an teach agus bhí an seanduine ar shiúl suas an staighre agus bhí sé (gáire), bhí sé ag *crackal* leis ar an doras, agus cha raibh dhath ar bith ag *happenal*, seo an rud a bhí deartháir s'aige ag inse domsa agus bhí droch *temper* aige a dúirt sé, bhuail sé cic ar an doras a dúirt sé agus thit scláta den teach. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

JOE: Sin chomh sean agus a bhí na tithe an bhfuil a fhios agat. Sin chomh sean agus a bhí na tithe.

DÓNALL: Ó, chreidfinn é. Agus a Joe, chaith tú blianta thall ansin, ag gabháil anonn is anall ag.

JOE: Chaith mé blianta ansin ag gabháil anonn is anall, thiocfá anall b'fhéidir, rachfá anonn ann i dtús an tSamhraidh agus d'fhanódh thall b'fhéidir ag dtí Lá 'le Pádraig.

DÓNALL: Sea.

JOE: Agus *eh*. Is cuimhne liom séasúr amháin d'fhan mé thall an bhliain sin, d'fhan mé thall go dtí Nollaig an darna bliain. Bheadh duine inteacht sa bhaile an t-am sin. Bhí deartháir domh sa bhaile *so ní* raibh struss ar bith orm na bhaile *but* sin an *rule* a bhí ann. D'fhanófá thall b'fhéidir go dtí Lá 'le Pádraig ann agus thiocfá anall ansin i dtús '_____’ na bhaile.

DÓNALL: Bheadh dúil agat duine inteacht a bheith sa bhaile fosta a Joe, an bhfuil a fhios agat.

JOE: Ó, bhí cinnte. Bhí cinnte.

DÓNALL: Fágtha ar an fheirm.

JOE: Ach ansin, bhí sé cosúil le achan rud, d'imeodh na daoine uilig, ní bheadh duine ar bith ar thóin an bhaile dá mbeadh '____' léi féin.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JOE: Agus ní raibh pléasúir ar bith agatsa a bheith sa bhaile ach oiread.

DÓNALL: Bhí tú ag gabháil a bheith fágtha leat féin.

JOE: Bhí tú fágtha leat féin. Sin an tuighe is mó a bhí ort imeacht i gcuideachta na ndaoine.

DÓNALL: Ach bhí do mhuintir ansin, bhí dúil agat, an bhfuil a fhios agat, go mbeadh duine acusan sa bhaile.

JOE: Ó, bhí m'athair agus mo mháthair ansin, bhí siad, bhí an bheirt acu beo go raibh siad thara cheithre scór go leith.

DÓNALL: Agus an dearna siadsan an cineál céanna a Joe, ar bh'éigean daofasan imeacht an a Lagáin?

JOE: B'éigean, b'éigean daofa an rud céanna a dhéanamh. Rinne siadsan an rud céanna romhamsa.

DÓNALL: Raibh athrach ar bith ar an tsaol, an bhfuil a fhios agat?

JOE: Ó, ní raibh leoga agus ansin ní bhfuair siadsan scoil ná a dhath. Bhí sé géar go leor ar dhaoine an t-am sin a chaithfeadh a imeacht agus gan béalra, gan, gan léann acu.

DÓNALL: Sea.

JOE: Bheadh iontas ort caidé mar a rinne siad cúis, cha raibh tú, cha raibh tú ábalta amharc cá raibh an bus ag gabháil.

DÓNALL: *No.* Cha raibh an teanga...

JOE: Ná cá raibh a dhath ag gabháil. *But* rinne siad gnoithe. Rinne. Rinne siad gnoithe. Déarfadh siad saofmhar nuair a bheadh siad ag cuartú malaí *but* cha bheadh aon duine thall ansin ag gáire fufu. Dá ndéanfadh siad an rud céanna anseo, bheití ag magadh orthu.

DÓNALL: Agus an bhfuil tú, an ndeireann túanois a Joe nach bhfuair d'athair agus do mháthair léann ar bith an bhfuil a fhios agat, nach bhfuair siad seans ar bith ar an scoil ná an raibh siad ar scoil?

JOE: Chan fhuair. Ní bhfuair. Ní raibh scoil ar bith níos deise de bhaile ná Bun an Inbhir agus mar a dúirt mé níos luaithe leat, cha raibh suim ar bith ag daoine ag cur na bpáistí na scoile. Char smaoinigh siad go raibh an saol ag gabháil a bheith an dóigh a mbeadh sé.

DÓNALL: *No.*

JOE: Ba chuma leo, bhí na páistí ansin folláin agus bhí siad de dhíobháil fá choinne oibre agus ní raibh smaoineamh siar ar léann a bheith agat.

DÓNALL: Chaithfeá a bheith ag saothrú go díreach.

JOE: Sea. Sin an dóigh a raibh sé.

DÓNALL: Inis domh fá d'uncail a Joe, bhí tú ag inse domh an oíche dheireannach fá dtaobh de. Cheannaigh sé an chlog seo anseo.

JOE: Sea.

DÓNALL: Agus inis domh, chuaigh sé an Lagáin a dúirt tú.

JOE: Bhuel bhí sé, sílimse go raibh sé ar fostáioch thusa i gContae Thír Eoghain agus déarfainn nach mbeadh móran aois aige cibé. A bhfuil a fhios agam, go raibh sé suas le ceithre scór go leith nuair fuair se bás agus, agus tá sé curtha le, ó, thar thrí scór bliain. *So*, tá an chlog sin sean go maith. Cheannaigh sé an chlog, cheannaigh sé clog agus carr úr, carr beithigh thusa i gContae Thír Eoghain. Agus déarfadh sé féin gur seacht bpunta agus deich scillinge a thug sé ar an bheirt. Tháinig an carr anuas go dtí stáisiún Ghaoth Dobhair aige agus thug sé féin an chlog sin na bhaile. Agus bhí a chroí istigh sa chlog ansin agus nuair a bhí sé aosta ansin, chuaigh sé cineál a *dótaí* agus nuair a rachadh sé a inse duit fan chlog, déarfadh sé gur seacht, seacht bliana agus deich scillinge a thug sé ar an chlog. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

JOE: Sin an dóigh a Agus cha smaoineofá choícheanois an chlog ansin nuair atá tú ag amharc uirthi go bhfuil sí suas le céad go leith bliain.

DÓNALL: Tá sí galánta, nach bhfuil?

JOE: Tá agus déarfainnse an obair sin atá inti, gur déanta le lámh a bhí sí.

DÓNALL: Ó, obair láimhe cinnte.

JOE: Sea, obair láimhe uilig a bhí ansin.

DÓNALL: Sea, sea.

JOE: Agus caithfidh sé go raibh an t-adhmaid maith.

DÓNALL: Scoith an adhmaid.